Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12605/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0399(COD)**

**COPEN 296**
**CT 138**
**ENFOPOL 366**
**JAI 1100**
**CODEC 1522**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-THREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann lena ailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 1 Nollaig 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 16(2) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí barúlacha foirmiúla uaidh an 25 Eanáir 2022[2].

3. An 12 Iúil 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis[3].

[1] 14706/21.
[2] 5804/22.
[3] 10966/23.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle[4][5] an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 30/23 é, a fhormheas mar mhír 'A ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[4] Na rialacha a leagtar síos sa Treoir seo agus a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta ag na Ballstáit agus gníomhaíochtaí á gcur i gcrích acu a thig faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí de CFAE, ní bheidh siad ina gceangal ar an Danmhairg ná ní bheidh sí faoi réir a gcur i bhfeidhm.

[5] Na rialacha a leagtar síos sa Treoir seo agus a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta ag na Ballstáit agus gníomhaíochtaí á gcur i gcrích acu a thig faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí de CFAE, ní bheidh siad ina gceangal ar Éirinn nuair nach mbeidh na rialacha ina gceangal orthu lena rialaítear cineálacha an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla nó cineálacha an chomhair phóilíneachta a cheanglaíonn na forálacha a leagtar síos ar bhonn Airteagal 16 de CFAE a chomhlíonadh.